**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 5 Deireadh Fómhair 2022 – European Dynamics Luxembourg v BCE**

**(Cás T-761/20)** ([1])

***(Soláthar poiblí – Nós imeachta tairisceana – Eisiamh ó nós imeachta soláthair – Tairiscint thar a bheith íseal – Iarrachtaí tionchar míchuí a imirt ar an bpróiseas cinnteoireachta – Neamhchomhlíonadh rialacha cumarsáide – Comhréireacht – Oibleagáid cúiseanna a lua – Mí-úsáid cumhachtaí – Dliteanas neamhchonarthach)***

(2022/C 463/34)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* European Dynamics Luxembourg SA (Lucsamburg, Lucsamburg) (ionadaithe: M. Sfyri agus M. Koutrouli, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* an Banc Ceannais Eorpach (ionadaithe: I. Koepfer agus J. Krumrey, i gcáil Gníomhairí, le cúnamh ó A. Rosenkötter, Dlíodóir)

**Ábhar**

Trína chaingean, iarrann an t-iarratasóir, ar an gcéad dul síos, ar bhonn Airteagal 263 CFAE, sa chéad áit go gcuirfí cinneadh ón gCoiste um Sholáthar Rialtais an Bhainc Cheannais Eorpaigh (BCE) an 1 Deireadh Fómhair 2020 gan na tairiscintí a cuireadh isteach le haghaidh na dtrí mhír tairsceana a áireamh i gcomhthéacs an ghlao ar thairiscintí chun seirbhísí a sholáthar agus cur chun feidhme oibreacha chun feidhmchláir ríomhaireachta a sheachadadh ar neamhní, sa dara háit, go gcuirfí Cinneadh ó Údarás Faireacháin an Bhainc Cheannais Eorpaigh (BCE) an 9 Nollaig 2020 ar neamhní, agus sa tríú háit, go gcuirfí gach cinneadh gaolmhar ina dhiaidh sin ón BCE ar neamhní, agus ar an dara dul síos, ar bhonn Airteagal 268 CFAE, ar chúiteamh as an damáiste arna tharlú mar thoradh ar an eisiamh sin.

**An chuid oibríochtúil**

1) Diúltaítear don chaingean.

2) Ordaítear do European Dynamics Luxembourg SA na costais a íoc.

([1]) IO C 88, 15.3.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 12 Deireadh Fómhair 2022 –Van Walle v ECDC**

**(Cás T-83/21)** ([1])

***(Seirbhís Shibhialta – Foireann shealadach – Baill foirne ECDC – Cinneadh gan conradh a athnuachan – Earráid fhollasach mheasúnaithe – Mí-úsáid cumhachtaí – Dualgas cúraim – Ceart chun éisteachta – Caingean le haghaidh neamhniú agus cúitimh)***

(2022/C 463/35)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Ivo Van Walle (Järfälla, an tSualainn) (ionadaithe: L. Levi agus A. Champetier, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ionadaithe: J. Mannheim, i gcáil Gníomhaire, le cúnamh ó D. Waelbroeck agus A. Duron, Dlíodóirí)

**Maidir le:**

Lena chaingean atá bunaithe ar Airteagal 270 CFAE, iarrann an t-iarratasóir, ar an gcéad dul síos, go ndéanfaí an cinneadh ón **Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú** (ECDC) an 30 Márta 2022 nár athnuadh a chonradh mar ghníomhaire sealadach a neamhniú, ar an dara dul síos, agus go príomha, go n-ordófar do ECDC an pá glan a séanadh air a íoc le héifeacht chúlghabhálach ó dháta athnuachana a chonartha go dtí dáta a athchuir sa tseirbhís agus, ar bhonn malartach, a ordú do ECDC cúiteamh a íoc as an damáiste ábhartha a líomhnaítear a d'fhulaing sé agus, ar an tríú dul síos, cúiteamh a íoc as an damáiste neamhábhartha a líomhnaítear a d'fhulaing sé tar éis an chinnidh gan a chonradh a athnuachan.